Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**

**FOIRM AN FHÓGRA I dTAOBH ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH FAOI ALT 76 d'ACHT NA dTITHE, 1966 AGUS AN TRÍÚ SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT SIN, ARNA LEATHNÚ LE hALT 10 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH. 2), 1960, LE FOILSIÚ DE RÉIR AIRTEAGAL 4(a) DEN TRÍÚ SCEIDEAL A GHABHANN LE hACHT NA dTITHE, 1966, ARNA LEASÚ LEIS AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) AGUS FAOI AILT 213 AGUS 227 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) AGUS ALT 184 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001**

# TALAMH A FHÁIL GO hÉIGEANTACH

**ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE (TAILTE IN INIS OÍRR) (BONNEAGAR AGUS OIBRÍOCHTAÍ), UIMH. 1, 2022.**

Tá ordú déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe (dá ngairtear "an t-údarás áitiúil" anseo feasta), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di le hAlt 76 d'Acht na dTithe, 1966 agus an Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, arna leathnú le halt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 1960, arna ionadú le halt 86 d'Acht na dTithe, 1966, arna leasú le halt 6 d'Acht na mBóithre, 1993 agus an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, agus arna leasú leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus go háirithe faoi ailt 213 agus 227 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus le halt 184 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, a bhfuil an teideal sin thuas air agus atá le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála (dá ngairtear "an Bord" anseo feasta) lena dhaingniú.

Má dhaingnítear é, údarófar leis an ordú don údarás áitiúil an talamh a thuairiscítear i gCuid I agus i gCuid II den Sceideal a ghabhann leis an ordú a fháil go héigeantach, agus na cearta príobháideacha a thuairiscítear i gCuid III agus i gCuid IV den Sceideal a ghabhann leis an ordú a fháil chun síneadh a chur le Cé Inis Oírr, Inis Oírr, Co. na Gaillimhe, mar aon leis na hoibreacha gaolmhara a bhaineann leis, de bhun cead arna dheonú ag an mBord de bhun alt 226 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) faoin uimhir thagartha ABP 07.EF2023.

Gheobhaidh úinéirí, léasaithe nó áititheoirí na talún agus/nó na gceart a thuairiscítear i gCuid I, i gCuid II, i gCuid III agus i gCuid IV den Sceideal fógra scríofa aonair.

Ba chóir aon agóid in aghaidh an ordaithe a dhéanamh i scríbhinn chuig, An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, chun go bhfaighidh an Bord í roimh 5.15 pm an 13 Feabhra, 2023.

Ní fhéadfaidh an Bord –

(a) ordú ceannaigh éigeantaigh a dhaingniú i leith na talún má dhéanann úinéir, léasaí nó áititheoir na talún agóid i leith na fála, agus nach dtarraingeofar siar í.

(b) ordú a dhaingniú lena n-údaraítear ceart príobháideach a fháil má dhéanann úinéir, léasaí nó áititheoir cirt phríobháidigh agóid in aghaidh fáil an chirt phríobháidigh, agus nach dtarraingeofar siar í,

go dtí go ndéanfaidh sé an agóid a bhreithniú.

Tá lánrogha ag an mBord faoi alt 218 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) éisteacht ó bhéal a thionól.

Sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le hiarratas ar an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a dhaingniú, ní foláir don Bhord aon agóid a dhéanfar, agus nach dtarraingeofar siar, aon aighneachtaí nó tuairimí breise arna ndéanamh de bhun iarraidh ón mBord faoi alt 217A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus aon tuarascáil ón duine a thionóil an éisteacht ó bhéal, más ann d'éisteacht ó bhéal den sórt sin, a bhreithniú.

Is féidir cóip den ordú agus de na Sceidil a ghabhann leis an ordú agus de na léarscáileanna dá dtagraítear ann a fheiceáil ag:

**Oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Halla an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.**
**Oifigí Thoghlimistéár Chonamara Theas, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.**

Idir 9.30am agus 4.00pm ón 16 Nollaig, 2022 go dtí an 13 Feabhra, 2023 go huile (gan laethanta saoire poiblí a áireamh)

agus ag:

**Oifigí an Bhoird Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902.**

Idir 9.15am agus 5:30pm ón 20 Nollaig, 2022 go dtí an 13 Feabhra, 2023 go huile (gan laethanta saoire poiblí a áireamh)

Tá cóip den ordú agus den Sceideal a ghabhann leis agus den léarscáil taiscthe dá dtagraítear ann ar fáil freisin lena n-iniúchadh agus lena n-íoslódáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag:

Tá Cuid I, Cuid II, Cuid III agus Cuid IV den Sceideal i gceangal leis seo.

**Arna dhátú an 16 lá seo de Nollaig, 2022.**

________________________________

**Jean Brann**
***RúnaÍ Contae***
***Comhairle Chontae na Gaillimhe***